COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

An Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair – An Rannóg Iompair
Teil: 021-4924330 , Facs: 021- 4924024

FOIRM PS IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN LIMISTÉAR POIBLÍ A ÚSÁID I GCOMHAIR GNÍOMHAÍOCHTA/IMEACHTA

Lúnasa 2011

Iarratasóir: _____ **Tag. Iarratasóra:** _____

Seoladh an Iarratasóra: _____

Cur Síos Gairid ar an Imeacht:_____

Uimh. Theileafóin Teagmhála: _____ **Uimh. Facs:** _____ **Ríomhphost:** _____

Duine Teagmhála Sainithe: _____ **Uimh. Fhóin Phóca** _____ **Uimh. Theil. San Oíche** _____

Iarratas ar: **Gníomhaíocht/Imeacht ar Shráid Phádraig** ☐ **Gníomhaíocht/Imeacht i limistéar poiblí eile** ☐

Sonraigh an láthair beartaithe don ghníomhaíocht/ imeacht:

_____

(Ní cheadófar gníomhaíochtaí/ imeachtaí ach amháin do na limistéir sin ar Shráid Phádraig a shainítear ar an léarscáil faoi iamh)

Cuir in iúl cé acu seo a leanas is fearr a dhéanann cur síos ar an ngníomhaíocht/imeacht:

Siamsaíocht Sráide ☐ **Féilte Sráide** ☐ **Imeachtaí Ealaíne/Cultúrtha** ☐ **Imeachtaí Carthanachta/Pobail** ☐

Gníomhaíochtaí Bolscaireachta ☐ **Eile (Sonraigh le do thoil):**

_____

Tinreamh Measta: _____ ***Tabhair faoi deara más dócha go mbeidh do thinreamh measta os cionn 5000 nach mór duit iarratas a dhéanamh ar cheadúnas imeachta ón Stiúrthóireacht Pleanála***

Dátaí na Gníomhaíochta: **Ó** _____ **Go** _____

Amanna na Gníomhaíochta **Ó** _____ **Go** _____

Déan cur síos ar an gcineál trealaimh atá beartaithe agat a úsáid ag an imeacht:

_____

Tabhair meastachán ar mheáchan an trealaimh thuasluaite:

_____

Conas atá sé i gceist agat cumhacht a fháil don trealamh thuasluaite:

_____

Cuir in iúl má bhaineann an méid seo a leanas leis an iarratas seo:

An bhfuil gá le dúnadh bóthair: Tá ☐ Níl ☐ Má tá, comhlánaigh Foirm R1 freisin

An bhfuil éifeacht ar Lánaí Trachta: Tá ☐ Níl ☐ Má tá, seol Plean Bainistíochta Tráchta isteach (Féach Nóta 1)

An bhfuil éifeacht ar Ionaid Páirceála Dioscaí: Tá ☐ Níl ☐ Má tá, cé mhéad? _____

An bhfuil éifeacht ar Ghluaiseacht Coisithe: Tá ☐ Níl ☐ Má tá, seol Plean Bainistíochta do Choisithe isteach (Féach Nóta 2)

An bhfuil Grianghraif Réamhthógála faoi iamh: Tá ☐ Níl ☐ Féach Coinníoll 7

An bhfuil tú chun gach áitreabh ar a mbeidh éifeacht a chur ar an eolas: Tá ☐ Níl ☐ Féach Coinníoll 9

NÍ MÓR AN MÉID SEO A LEANAS A CHUR LEIS AN IARRATAS SEO:

(i) Ráiteas maidir le Modh Oibre/Plean Bainistíochta Tráchta. (Féach Nóta 1)
(ii) Plean Bainistíochta do Choisithe (Féach Nóta 2)
(iii) Cóip d'Fhormhuiniú Polasaí Árachais. (Féach Nóta 3)
(iv) Táille Iarratais. (Féach Nóta 4)

Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas chun tabhairt faoin ngníomhaíocht/ imeacht a shainítear thuas ar bhóthar poiblí ag an láthair atá sonraithe thuas. Aontaím go mbeidh mé faoi cheangal ag na coinníollacha ginearálta mar aon le haon choinníollacha sonracha arna bhforchur ag Comhairle Cathrach Chorcaí agus go gcomhlíonfaidh mé forálacha an Phlean Bainistíochta Tráchta / an Phlean Bainistíochta do Choisithe atá comhaontaithe.
Beidh mé faoi dhliteanas go haonarach agus déanfaidh mé Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú ó gach éileamh agus i gcoinne gach éilimh maidir le gortú nó díobháil do dhaoine nó do mhaoin a d'fhéadfadh tarlú de dhroim na ngníomhaíochtaí atá mar ábhar an iarratais seo agus/nó a d'fhéadfaí tarlú de dheasca gníomhaíochtaí a bhaineann le nó a eascraíonn as an iarratas seo nó i gcoinne gach gníomh nó imeacht is féidir a thabhairt in aghaidh Chomhairle Cathrach Chorcaí mar gheall ar an ngortú nó ar an díobháil sin agus i

gcoinne gach costas agus dliteanas lena mbaineann.

Teagmhálaí Saincheaptha/ Comhordaitheoir Sábháilteachta agus Sláinte ar an láithreán:

_____

Uimh. Fhóin Phóca: _____ Uimh. Theileafóin san Oíche _____

(BLOCLITREACHA)

Dáta : _____ Sínithe: _____

AINM: (BLOCLITREACHA) _____

Úsáid oifigiúil amháin:

Uimh. Thagartha an Iarratais		**Éarlais:**	€
Táille Iarratais:	€	**Uimhir na hAdmhála:**	
Uimhir na hAdmhála:		**Dáta Eisiúna an Cheadúnais**	

Déanfar Ceadúnas Gníomhaíochta/ Imeachta a eisiúint faoi réir na gCoinníollacha Ginearálta seo a leanas.

1. Ní eagrófar / ní chuirfear ar bun aon ghníomhaíocht/ imeacht ar bhóthar poiblí go dtí go mbeidh Ceadúnas Gníomhaíochta/ Imeachta eisithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí.

2. Ní bhaineann an Ceadúnas seo ach amháin le limistéir laistigh de dhlínse Chomhairle Cathrach Chorcaí.

3. Tá an ceadúnas pearsanta don cheadúnaí agus ní dhéanfaidh an ceadúnaí an ghníomhaíocht/ an t-imeacht ceadúnaithe a shannadh ná a fholigean.

4. Comhlíonfaidh an ceadúnaí na coinníollacha Ginearálta agus Sonracha atá ceangailte leis an gCeadúnas Gníomhaíochta/ Imeachta chomh maith le gach reachtaíocht oiriúnach náisiúnta agus áitiúil lena n-áirítear reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta.

5. Ní mór don cheadúnaí fianaise a sholáthar de chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, ar feadh tréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Seolfar an polasaí árachais isteach i gcomhair cigireachta sula n-eiseofar an Ceadúnas. Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

6. Agus an obair lena mbaineann an ceadúnas seo á déanamh, déanfaidh an ceadúnaí gach iarracht réasúnta gan bac a chur ar choisithe ná ar thrácht feithiclí.

7. Sula ndéanfar oibreacha a thionscnamh, beidh sraith grianghraf daite (5x7 ar a laghad) ag teastáil den láthair ar a mbeidh an ghníomhaíocht/ an t-imeacht ar siúl agus caithfear iad a chur isteach mar chuid den iarratas. Déanfar sraith grianghraf a ghlacadh ag baint úsáide as ceamara 35mm agus cuirfear na priontaí ar fáil in albaim atá catalógaithe agus crostagartha. Má theiptear fianaise fhótagrafach dá leithéid a chur ar fáil roimh ré beidh sé ina dhearbhú do Chomhairle Cathrach Chorcaí go bhfuil gach limistéar faoina cúram, a mbeidh éifeacht ag an ngníomhaíocht/ imeacht orthu nó atá cóngarach dóibh, i riocht foirfe.

8. Forchoimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart ceangal ar iarratasóir comhaontú Éarlaise a dhéanamh roimh thús a chur leis na hoibreacha. Féach nóta 4 thíos chun méid na héarlaise a fheiceáil.

9. Ní mór don iarratasóir fógra i scríbhinn maidir leis an ngníomhaíocht/imeacht atá beartaithe agus an tréimhse lena mbainfidh a chur chuig gach gnó agus maoin chónaitheach ar dócha go mbeidh éifeacht ag na hoibreacha orthu dhá lá ar a laghad roimh thionscnamh na gníomhaíochta / an imeachta. Cuimseofar san fhógra uimhir theileafóin teagmhála an iarratasóra agus uimhir teagmhála an teagmhálaí ainmnithe ar féidir teagmháil a dhéanamh leis má bhíonn ceist ar bith ag cónaitheoirí maidir leis an ngníomhaíocht/ imeacht nó má bhíonn fadhb ann, faoi mar atá leagtha amach in Aguisín XV den Direction for the Control and Management of Roadworks in Cork City.

8. Ar thabhairt chun críche na n-oibreacha, beidh an bóthar glanta agus athchóirithe, agus beidh aon díobháil curtha ina cheart chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí. I gcás mainneachtana, is féidir le Comhairle Cathrach Chorcaí oibreacha ar bith atá riachtanach a dhéanamh agus an costas a bhaineann leo a fháil ar ais ón Iarratasóir/Éarlais.

9. Is é an ceadúnaí a bheidh freagrach as gach costas a thabhaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí nó Soláthraí Seirbhíse, lena n-áirítear deisiúcháin ar an mbóthar poiblí agus seirbhísí riachtanacha a eascraíonn as an gceadúnas seo.

10. Ní ghlacfar le haon éileamh ar chúiteamh i leith damáistí nó caillteanais a tharlaíonn mar thoradh díreach nó indíreach ar riachtanais chothabhála Chomhairle Cathrach Chorcaí nó aon soláthraí seirbhíse.

11. Ar threoir ón nGarda Síochána nó ó fhostaí údaraithe Chomhairle Cathrach Chorcaí, ní mór an ghníomhaíocht/an t-imeacht a stopadh láithreach agus foráil shlán a dhéanamh do choisithe agus do shreabhadh tráchta feithiclí. Déanfar na cúiseanna as stad a ordú a dhearbhú ina dhiaidh sin i scríbhinn.

12. Coinneofar an ceadúnas ar an láthair lena iniúchadh ag fostaithe údaraithe ó Chomhairle Cathrach Chorcaí nó ag ball den Gharda Síochána.

13. Mura dtugtar cead sainráite sa cheadúnas seo, ní fhéadfaidh an ceadúnaí a chur faoi deara aon bhillí, fógraí, páipéir ná fógráin d'aon chineál a chrochadh ar aon struchtúir a bhaineann leis an ngníomhaíocht/ imeacht, cead a thabhairt iad a chrochadh ná iad a fhágáil crochta.

14. Tá dianchosc ar mheirgí a chrochadh.

15. Beidh uasmheáchan 8 dtona ceadaithe i limistéir phoiblí. Ní féidir le meáchan iomlán an trealaimh ar fad atáthar chun a úsáid i gcomhar leis an ngníomhaíocht / imeacht a bheartaítear an t-uasmheáchan sonraithe a shárú.

16. Ní cheadófar gineadóirí a úsáid i gcás ina bhfuil soláthar cumhachta eile ar fáil.

17. Déanfar aon trealamh a bhaineann leis an ngníomhaíocht/ imeacht a fhálú ar shlí agus le hábhair a áiritheoidh nach gcruthófar guais don phobal is cuma cad iad na dálaí oibre agus comhshaoil is dócha a bheidh ann.

18. Ní mór do gach geata nó doras sa limistéar fálaithe beartaithe a bheith ag oscailt isteach. Ní mór gach coirnéal nochta a bheith spréite.

19. Ní foláir nó go mbeidh an limistéar atá i gceist soilsithe go cuí i rith uaireanta an dorchadais, ní foláir nó go mbeidh sé sábháilte agus slán agus go nglacfar le gach réamhchúram chun bac a chur ar rochtain neamhúdaraithe.

20. Aon trealamh a bheartaítear a úsáid sa limistéar atá i gceist a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le doirteadh, ní mór é a bheith cosanta agus curtha i struchtúr oiriúnach bailithe doirte chun doirteadh ar dhromchla an bhóthair a sheachaint.

21. Ní mór rochtain a bheith ar fáil ar an trealamh soilsithe poiblí agus ar na seirbhísí faoi thalamh nó lastuas an t-am ar fad chun cuspóirí cothabhála.

22. Ní cheadaítear trealamh soilsithe poiblí a úsáid i gcomhair tacaí nó ceangaltáin neamhúdaraithe.

23. Ní cheadófar bacainn ar Lánaí Bus, Stadanna Bus, Glanbhealaí, Bánna Lódála srl le linn na n-uaireanta feidhmíochta a bhaineann leo.

24. Ní cheadófar bacainn a chur ar Bhánna Páirceála do Thiománaithe faoi Mhíchumas, Stadanna Tacsaithe srl.

25. Forchoimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart an Ceadúnas a chur ar ceal, a astarraingt, a chur ar fionraí nó na téarmaí a bhaineann leis a athrú ag am ar bith. Ní dhéanfar aon éileamh ar dhamáistí ná caillteanas ioncaim faoi aon teideal i gcoinne Chomhairle Cathrach Chorcaí mar gheall ar an gCeadúnas a chur ar fionraí, a chur ar ceal, a astarraingt nó na téarmaí a bhaineann leis a athrú ag am ar bith.

26. Ní bheidh an torann ón limistéar ainmnithe faoi cheadúnas níos mó ná an leibhéal torainn sa chúlra de níos mó ná 5 db (A) le linn na huaireanta oibrithe a chuirtear in iúl ar an gCeadúnas, arna thomhas ag aon phointe seachtrach ag áitreabh atá torann-íogair. Tomhaisfear na leibhéil torainn mar Leq, 15 nóiméad.

ÚSÁID AS SPÁSANNA POIBLÍ I gCOMHAIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ/IMEACHTAÍ

Lúnasa 2011

Réamhrá:

Féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí cead a thabhairt limistéir shonraithe a úsáid má mheasann sí go gcuirfidh na gníomhaíochtaí/ imeachtaí atá beartaithe le hatmaisféar sóisialta, cultúrtha, ealaíonta, gnó nó ginearálta na Cathrach agus nach gcuireann siad isteach ar chreatlach fisiciúil na sráide, an trácht/ na coisithe a bhaineann úsáid as an tsráid ná na cuideachtaí atá ag cur a ngnó ceadaithe i gcrích in aice leis an ngníomhaíocht/ imeacht atá beartaithe.

Tá córas ceadúnaithe i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhair Spásanna Poiblí a úsáid agus tabharfaidh sí ceadúnas do gach úsáideoir faoi Acht na mBóithre, 1993.

Ní mór d'aon duine ar mian leis úsáid a bhaint as spásanna poiblí i gcomhair gníomhaíochta/ imeachta cead a fháil ó Chomhairle Cathrach Chorcaí ar dtús.

Nós Imeachta maidir leis an Iarratas:

- Ní mór fógra 28 lá a thabhairt maidir leis an ngníomhaíocht/ imeacht beartaithe.
- Ní mór foirmeacha iarratais atá comhlánaithe go hiomlán a sheoladh ar ais chuig Deasc Fáiltithe nó Oifig Iompair Halla na Cathrach, Seomra 335, Halla na Cathrach, in éineacht le táille iarratais €110. (Tabhair faoi deara: Ní bheidh an táille iarratais seo iníoctha ach amháin nuair atá an ghníomhaíocht/ an t-imeacht ar siúl ar mhaithe le brabús nó gnóthachan den chuid is mó)
- Déanfar measúnú ar an iarratas chun a chinntiú gur gníomhaíocht/ imeacht ceadaithe atá sa ghníomhaíocht/ san imeacht ar a bhfuil cur síos á dhéanamh.
- Is féidir cead a lorg ag an gCruinniú Tráchta Seachtainiúil - (a bhíonn ar siúl gach Máirt ón 2in)
- D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iarratasóir freastal ar an gCruinniú Tráchta.
- Má bronntar an t-iarratas, eiseofar ceadúnas ina leagfar síos na dátaí, na hamanna agus aon choinníollacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht a luaitear.
- Forchoimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart éarlais a ghearradh a bheidh in-aisíoctha go hiomlán tar éis di cigireacht shásúil a dhéanamh ar an limistéar poiblí.

Sráid Phádraig a Úsáid i gComhair Gníomhaíochtaí/Imeachtaí

Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht/ imeacht ar Sráid Phádraig a mheas ach amháin má tá sé beartaithe an ghníomhaíocht/ t-imeacht a eagrú/ a bheith ar siúl sna limistéir faoi leith a aibhsítear ar an léarscáil faoi iamh.

I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí/ imeachtaí a d'fhéadfaí a cheadú ar Shráid Phádraig tá:
Siamsaíocht Sráide
Bolscaireacht/ gníomhaíochtaí arna n-eagrú chun cur le féilte
Féilte Sráide
Imeachtaí Ealaíne/ Cultúrtha
Imeachtaí Carthanachta/ Pobail

I measc na gcineálacha gníomhaíochtaí/ imeachtaí nach gceadófar ar Shráid Phádraig tá:
Corrthrádáil
Úsáid trucailí mar phointí scaipthe faisnéise/ clinicí scagtha sláinte (is féidir iad seo a úsáid i láithreacha eile sa chathair)
Aontaí Siamsaíochta

Nóta 1: Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta
Sa chás go moltar gníomhaíocht/ imeacht a eagrú/ a sheoladh ar bhóthar poiblí nó gar dó; ní mór Ráiteas maidir le Modh Oibre / Plean Bainistíochta Tráchta, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe molta chun tionchar íosta ar shreabhadh tráchta a áirithiú.
- Foráil a dhéanamh chun trealamh srl a stóráil.

Nóta 2: Plean Bainistíochta do Choisithe
Sa chás go moltar gníomhaíocht/ imeacht a eagrú/ a sheoladh ar bhóthar poiblí a chuirfidh isteach ar ghluaiseacht coisithe, ní mór Plean Bainistíochta do Choisithe, lena n-áireofar an méid seo a leanas, a chur isteach:

- Socruithe maidir le Malairtí Slí do Choisithe lena n-áireofar cosáin shealadacha, rampaí, comharthaíocht, fálú srl.

Nóta 3: Ceanglais Árachais
Ní mór don cheadúnaí fianaise a sholáthar de chumhdach Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i gcás gortaithe coirp nó éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlódh de dhroim na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, ar feadh tréimhse an cheadúnais. Ní mór na polasaithe a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú. Coimeádann Comhairle Cathrach Chorcaí an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn slánaithe seo maidir le leordhóthanacht. Seolfar an polasaí árachais isteach i gcomhair cigireachta sula n-eiseofar an Ceadúnas. Tá ceanglas ar an gceadúnaí polasaí bailí a choimeád i rith thréimhse an cheadúnais.

Nóta 4: Táillí

Éarlais Inaisíoctha
Dromchla Feabhsaithe €400 in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá áitithe ag an ngníomhaíocht/ imeacht

NÍ MÓR IARRATAS AR CHEADÚNAS A CHUR ISTEACH 28 LÁ AR A LAGHAD ROIMH THIONSCNAMH MOLTA NA N-OIBREACHA.

LÉARÁID DEN PHLEAN AR A BHFUIL TOISÍ